

# AN LINN BHUÍ

## *Iris Ghaeltacht na nDéise*

UIMHIR 13

*in eagair ag*

PÁDRAIG Ó MACHÁIN

AGUS

AOIBHEANN NIC DHONNCHADHA

Leabhair na Linne  
2009

Gach ceart ar cosnamh. Níl sé ceadaithe aon chuid den bhfoilseachán so a atáirgeadh, ná a thaisceadh i gcóras athfhála, ná a sheachadadh go leictreonach, go meicniúil, tré fhótachóipeáil, nó tré thaifeadadh, nó in aon tsúile eile nó tré mheán eile ar bith, gan cead scríofa roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Arna fhoilsiú ag Leabhair na Linne, Ráth Oisín, Crois Phádraig, Co. Chill Chainnigh; *agus* 115 Páirc Uastún, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14. Guthán: 056-8831347

Gabhtar buiochas leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, agus le hÚdarás na Gaeltachta, a thug cúnamh chun an t-imleabhar so a fhoilsiú.

**Iaruimhreacha de AN LINN BHUÍ le fáil i gcónaí: 086 3941197.**

*Clúdach:* Tigh Solais, Mion Ard (Liam Suipéil a thóg)

Lena gcaoinchead so leanas a foilsítear na samplaí seo: Seán Ó Ciarghusa agus Cumann Uí Chorraoin (2-3), Coláiste na Rinne (5, 8, 63, 85, 192, 196), Muireann Ní Dhomhnaill Mhic Dhonnchadha (6, 51, 57, 59, 66, 90), Aoibheann Nic Dhonnchadha (9, 25, 28, 30, 47, 53, 109, 113, 128, 193, 195), Máire Tóibín (15), Caoimhe Nic Craith (83, 86, 93, 94, 97, 98), Aodh Mac Craith (84), Pádraig Ó Mathúna (87), Peig Bean Uí Chadhla (91), Jenny Bean de Paor (96), ISOS agus Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad (207).

I bPoblacht na hÉireann a cuireadh an leabhar so i gcló.

|   |    |
|---|----|
| ‘Ag Críost an Síol’<br><i>Nioclás Mac Craith</i> . . . . .                                    | 1  |
| Dhá Dhán<br><i>Áine Uí Fhoghlu</i> . . . . .  | 11 |
| I gCuimhne ar Bhreandán, m’Uncail<br><i>Catherine Foley</i> . . . . .                         | 13 |
| Fé Chrois an Deiscirt<br><i>Nioclás Ó Griobhtháin</i> . . . . .                               | 17 |
| An tAthair Piaras de Hindeberg: Agallamh<br><i>Mícheál Ó Drisleáin</i> . . . . .              | 22 |
| Cill Bhriain is Mé ag Fás Suas<br><i>Dónall Ó Conghaile</i> . . . . .                         | 32 |
| Peats Burns<br><i>Breandán Ó Cathbhuaigh</i> . . . . .  | 43 |
| Más Buan Mo Chuimhne<br><i>Seán Ó Loingsigh</i> . . . . .                                     | 49 |
| Im Mhúinteoir Taistil Tís Dom, 1952-1954<br><i>Anna Ruiséil Mhic Dhonnchadha</i> . . . . .    | 56 |
| Dún Garbhán na Sean-Bhád Seolta<br><i>Julien Rheinisch</i> . . . . .                          | 68 |
| Ag Fás Aníos i gColáiste na Rinne<br><i>Muireann Ní Dhomhnaill Mhic Dhonnchadha</i> . . . . . | 77 |
| Óstaí, Tábhairní agus Síbíní<br><i>Nioclás Mac Craith</i> . . . . .                           | 82 |

|  |            |
|--|------------|
| Cnuasach an Dr Piaras de Hindeberg<br><i>Mícheál Ó Drisleáin</i>                                 | 102        |
| Is Treise Dúchas ná Oiliúint agus is Treise Oiliúint ná Oideachas<br><i>Tomás Antoine Tóibín</i> | 117        |
| Oilithreacht Shíoraí<br><i>Conchubhar Ó Ceallaigh</i>  | 131        |
| ‘Árthrach an Óir’ ag a Chéad<br><i>Gréagóir Ó Broin</i>  | 135        |
| Staid Reatha na Gaeilge i nGaeltacht na nDéise<br><i>Noel P. Ó Murchadha</i>                     | 140        |
| ‘Arsa sé sin ...’<br><i>Diarmuid Ó hAirt</i>   | 155        |
| Seal in Albain, 1958–1960<br><i>Seán Ó Urmhumha</i>  | 172        |
| Bean Lot – Stracfhéachaint Siar<br><i>Seosamh Ó Donnchadha</i>                                   | 191        |
| <b>Aor Phiarais Mhic Gearailt ar Sheán Paor</b><br><b><i>Breandán Ó Cróinín</i></b>              | <b>198</b> |
| Gadaithe agus Gaibhne: Teagasc an Athar de Bhál 3<br><i>Pádraig Ó Macháin</i>                    | 217        |
| Briseadh an Athar Mícheál Ó hIceadha, Samhradh 1909<br><i>Mícheál Briody</i>                     | 240        |
| Cill Ghobnait agus Aonaigh eile: Féilte agus Bruíonta sa 19ú hAois<br><i>Stiofán Ó Cadhla</i>    | 277        |
| In Iothlainn Dé  | 293        |
| Leabhair dá bhFacamair   | 297        |
| Nótaí Beathaisnéise  | 303        |

# Aor Phiarais Mhic Gearailt ar Sheán Paor

Breandán Ó Cróinín

DÉATHRAÍONN SÉ GUR sa bhliain 1763, nó tamaillín gairid ina dhiaidh san, a chum an file Déiseach, Piaras Mac Gearailt, an dán fada dar teideal *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain*. Aor ghangaideach, mhíthrócaireach is ea an dán so ina ndírionn an Gearaltach ar Sheán Paor, sagart Agaistíneach a bhí tar éis iompú ina mhiniú Protastúnach ag tosach na bliana san, do réir cosúlachta. Ar ámharaí an tsaoil, dob é Piaras féin a bhreac an tarna cóip is sine dá bhfuil ar marthain den ndán so agus gan aon amhras, mar sin, tá údarás agus tábhacht ag baint leis an gcóip seo thairis an tábhacht a bhaineas leis na cóipeanna eile ar fad. Cé gur chuir Risteard Ó Foghludha an dán i gcló sa bhliain 1905 ina eagránsan d'amhráin Phiarais ón gcóip átagraif seo,<sup>1</sup> deimí amach gur fiú féachaint air aríst agus chuige sin tá téacs ionlán an dáin, mar atá sé le fail sa chóip átagraif seo, maille le ceannscríbhinní, iarscríbhinní agus nótáí imill an Ghearraltaigh féin, tugtha im dhiaidh agam ag deireadh na haiste seo. Níl aon dabht ná gur dréacht ana-shuimiúil filíochta é an dán nó an ‘aisling’ seo agus braithim gur fiú é a chur i láthair lucht léite na Gaelainne an athuair anso. Is deimhnitheach, ina theannta san, gur móide ár spéis ann agus gur fearrde ár dtuiscint air an scéal atá laistiar de a chíoradh.

Níorbh annamh i bhfilíocht na Gaelainne san ochtú haois déag aortha a bheith á gcumadh ar shagairt a d'iompaigh ina ministri Protastúnacha fé mar a chuireann Anna Heusaff ar ár súile dhúinn ina leabhar *Filí agus Cléir san Ochtú hAois Déag* áit a ndeir sí gurbh é ‘an tréatúracht ba mhinicí a aoradh i bhfilíocht na Gaeilge san 18ú céad ná iompó cléirigh chun na hEaglaise Protastúnaí’.<sup>2</sup> Cuid de scéal na hÉireann, dar ndóigh, ab ea an saghas so iompaithe san ochtú haois déag agus, cé nach féidir linn a dhéanamh amach go cruinn an mó sagart Caitliceach a d'iompaigh sa tslí seo, tá an chuma ar an scéal, ó fhianaise na litríochta ach go háirithint, gur iompaigh go leor acu ó thosach deireadh na haoise sin. Is eol dúinn, pé scéal é, gur iompaigh An tAthair Seán Paor ina mhiniú Protastúnach sa bhliain 1763: tá ‘[The] Rev. John Power, Tallow Co Waterford’ luate sna ‘Convert Rolls’<sup>3</sup> mar shagart a d'iompaigh a chóta i mí Feabhra na bliana 1763 agus ní dóigh liom go bhféadfadh aon cheist a bheith ann ná gurb é seo an Seán Paor atá á aoradh go míthróchaireach in ‘aisling’ seo Phiarais.

Taobh amuigh d'abhar an dáin, tá sé suimiúil go maith ó thaobh foirme nó ó thaobh seánra dho: ar an gcéad dul síos ‘aisling’ atá ann, dar leis an

gceannscríbhinn, ach b'fhéidir go mba chirte ‘drochthraigheamh’ a thabhairt air. Tosnaíonn Piaras amach fé mar a bheadh gnáthaisling ón ochtú haois déag á scríobh aige; é ‘lán-lag traochta i motharaibh gleanna’ ach amháin nách í an ghnáthspéirbhean álainn a castar air anso ach An Bráthair Seán Paor agus é ‘ina stráill gan aon rosc’, mar a deirtear linn. Is cosúil go dtugtaí ‘Ó Súilleabháin’ mar leasainm ar an Seán Paor so toisc é bheith ar leathshúil fé mar a thugann Piaras le fios i nótá searbhásach leis atá scríte i mBéarla ar imeall na lámhscríbhinne. Dar leis go raibh an Paorach dall ina leathshúil agus dall go hiomlán nuair a d'iompaigh sé a chóta agus nuair a shéan na hoird bheannaithe.<sup>4</sup> Má tá iarracht den ngreann sa nótá so is léir gur greann géar, gangaideach é agus is furist a shamhlú go bhfuil gráin agus fuath laistiar do. Is díol suime iad na nótai imill eile a bhreac Piaras anso agus ansúd ina lámhscríbhinn féin, i nGaelainn, i mBéarla agus i Laidin, fé mar a bheadh tráchtareacht á déanamh aige ar an ndán, agus tá tábhacht nách beag ag baint leis na nótáí seo aige, fé mar a chísimid ar ball.

Ag filleadh ar an dtéacs, chímíd go gcuireann an file caint ar an bPaorach bocht dall á rá leis go bhfaca sé ‘a shamhailt le tréimhse i bhfigiúir sagaírt ag teagasc a thréada’ ach, sara mbíonn caoi aige dul níos faide leis an gcomhrá, éiríonn stoirm fhíochmhar ina dtimpeall agus cuirtear tríú carachtar na haislinge seo inár láthair go héifeachtach, carachtar go dtugtar ‘sméirle’ nó ‘scriosaire ciarbhuí’ air. Is é an sméirle gráonna so a dheineann formhór na cainte ina dhiaidh so agus is é an cúram atá air, do réir deárthaimh, ná cur síos a thabhairt don bPaorach ar na huafáis ifreanda agus ar na pianta síoraí atá ag feitheamh leis ach a mbeidh a thréimhse ar an saol so curtha isteach aige.

Má tá an Paorach ag baint síup as an saol atá á chaitheamh aige mar mhiniú Protastúnach go ndíolfaidh sé as sa tsaoil eile dar le Piaras, ní dar leis an ‘scriosaire ciarbhuí’ seo a fheidhmíonn mar thuairisceoir nó mar scéalaí anso dho. Tugtar ainm an charachtair dhiablaí seo dhúinn tamaillín ina dhiaidh so ach a ndeirtear linn go neambalbh gurb é Seansailéir An Ochtú Anraí, Thomas Cranmer é féin, Ardeaspag Canterbury, an té go bhfuil na véarsaí seo ar fad curtha ina bhéal ag Piaras; agus ní deacair dúinn, gan amhras, an chomparáid atá á déanamh idir an Paorach agus Cranmer anso a thuiscint.<sup>5</sup>

Agus an dán á léamh againn, chímíd nách é Thomas Cranmer an t-aon charachtar stáiriúil amháin a luaitear ann agus is díol suime é liosta na n-ainmneacha stáiriúla ar fad a deirtear a bheidh ag feitheamh leis an bPaorach in Ifreann: luaitear anso an Bhanríon Eilís a hAon, an t-ochtú Anraí, Anne Boleyn agus Catherine of Arragon; tá Cromail féin ann, fé mar a

bheimis ag súil leis is dócha, Uilliam an Prútach (nó ‘The Glorious King William who banished padreens and wooden shoes thank God’ fé mar a deir Piaras linn i gceann dá chuid nótaí dubhfhoclacha),<sup>6</sup> Jane Seymour, Rí Éadbhard ‘coiripe, imeartha, traochta’ agus mar sin do.

Ní hamháin go luann Piaras sean-naimhde na hÉireann agus an Chaitliceachais anso ach téann sé siar go dtí an luathstair, chomh maith, d’fhonn roinnt mhaith d’eircigh na luatheaglaise a ainmniú. Arís, tá sé le tuiscint anso gurb ionann cás an Phaoraigh agus cás na n-eiriceach damanta diabhlá seo: Pelagius, Arius, Macedonias, Nestorius, Simon Magus, Vigilantius agus mar sin do.<sup>7</sup> Luite mar chomhthionónaí leothu so in Ifreann, chomh maith, tá pearsain cháiliúla de chuid an Reifirméisin: tá Calvin agus Luther iad féin ann, gan amhras, agus a bhfeartaca, Bucer, agus b’fhéidir gurb é John Foxe a scríbh *Foxe’s Book of Martyrs* atá i gceist le ‘Fox’ anso.<sup>8</sup> Tá ard-spiaire Eilís a haon, Francis Walsingham, luite anso, chomh maith, agus is suimiúil, dar liom, an méid atá le rá ag Piaras ina thaobh: dar leis gurbh é a bhí ann ná ‘a great persecutor of popish priests & chief justice in [the] case of Queen Mary of Scots being beheaded. I like [t]his notion.’ An nóisean atá ann, gan dabht, ná go mbeadh Walsingham á róstadh i dtinte Ifrinn ar nós na n-eiriceach eile go léir.

Ní carachtair stáiriúla ar fad atá luite anso, ámh, agus tuigimíod ó nótaí Phiarais go bhfuil beirt shagart eile a d’iompaigh a gcótaí timpeall an ama chéanna a d’iompaigh Seán Paor ina Phrotastúnach luite anso chomh maith; beirt ab ea iad so go mbeadh cur amach ag lucht caidrimh agus ag lucht léite Phiarais orthu, ní foláir. Tugtar a n-ainmneacha mar ‘Philip Ó Riain’ agus ‘Mac Thaidhg na Coille’ i dtéacs an dáin agus tugann Piaras é féin eolas dúinn i dtaobh na beirte seo ina chuid nótaí: ‘Philip Ryan another Augustinian who became a pure child of the reformation, God bless him.’ Tá an Rev. Philip Ryan so go raibh seoladh aige i Lios Mór luite sna ‘Convert Rolls’ agus déáthraíonn sé gur iompaigh sé sin a chóta an 17 Samhain 1761, gan ach cúpla bliain roimis an bPaorach.<sup>9</sup> Mar le Mac Thaidhg na Coille, is é a deir Piaras ná gurbh é seo ‘William Connors another of ye same order who did the like, a sweet child.’ Níl éinne den ainm seo luite sna Convert Rolls, áfach.

Dob fhéidir a rá gurb iad na véarsaí is suimiúla ar fad sa dán so ná an dá véarsa a thugann eolas dúinn ar shinsir Sheáin Phaor agus Phiarais Mhic Gearailt araon toisc gur féidir a dhéanamh amach gur chol ceathracha ab ea an bheirt seo – an file nó an t-aorthóir agus an té atá á aoradh – agus ní hamháin é sin ach gur féidir a dhéanamh amach nár bh é Seán Paor an chéad duine dá threibh a d’iompaigh a chóta ach oiread. Arís, is nota searbhásach

i mbéarla a scríbh Piaras ar imeall an leathanaigh a thugann fios fáthá an scéil dúinn anso:

This female was Grace Osborn. She at the time of her husband Pierce Power being on his deathbed cock’d a pistol at the Popish priest that attempted going to him at his earnest request. She chose that he should die like a beast, and I think she was right, rather than as a Papist.<sup>10</sup>

Is féidir linn a bhí deimhnitheach de, mar sin, nár ligeadh an chuid seo den scéal i ndearúd mar tá roinnt eile insintí suimiúla ar an eachtra so againn sna lámhscríbhinní ina bhfuil cóipeanna den ndán ar marthain againn inniu. Seo mar a chuireann Tomás Plémionn síos ar an eachtra céanna i lámhscríbhinn a bhreac sé i gCo. Phort Láirge idir na blianta 1817 agus 1822 ná mar sin:

An uair a do bhí [a] fearr pósta.i. Piaras Paor a’ fáil bháis do bhí aig sgreada ag iarradh [sagairt] don f[h]íorchreidiomh 7 air bhraith sin do Ghrás gan grásta thánnig sí ar chionn an staire 7 cásá pistol lodaighthe aige (sic) 7 air a tteacht don tsagart go troithéasca do chocáil sí an pistol 7 do dhearbháigh go séidfaich inchinn an tsagairt as a chloigeann[n] dhá dtucfach trioth tairis sin. Táinig an sin sagart óg a cculaith mná 7 an uair d’ainthin é do chocáil arís an t-arm teinntuidhe agas go madh éigean do sin imtheacht 7 d’f(h)an an bhean mhallaighthe mar sin gur éag Piaras.<sup>11</sup>

Is léir, mar sin, go raibh eolas ag daoine ar an eachtra so go forleitheadúil agus ní foláir ná gur tuigeadh, chomh maith, go raibh gaol ag an bhfile leis an té a bhí á aoradh aige. Seo é an méid atá le rá ag an bhFoghludhach linn i dtaobh an ghaoil seo eatarthu:

Gaol do Phiaras dob ea an Seaghán [Paor] so. Mac dearbhráthar a mháthar, mar léighmíd.... Gan amhras is i dtaobh a ghaoil le Seaghán do chuireann sé ainm bhréige leis an ndán – Baothlach Mac Criomhthain mhic Fheidhlim Ó Seachnusa.<sup>12</sup>

Is deacair liom, áfach, teacht leis an méid a deir sé i dtaobh na hainme bréige a úsáidtear anso mar, cé ná luann Piaras go neambalbh gurbh í a sheanmháthair féin í an Grás Ósbar so, is ar éigin go raibh sé ad iarraidh an chuid seo den scéal a cheilt; bheadh an t-eolas ag daoine go forleitheadúil pé scéal é. Ba dheacair a shamhlú, ach oiread, go mbeadh aon cheist ann

riamh i dtaobh cé a chum an dán so agus, anuas air seo ar fad, tá iarscríbhinn i nGaelainn curtha ag Piaras leis an ndán ina lámhscríbhinn féin a thugann le fios gurbh é ‘Piaras Mac Gearailt, Ard Sirriam Leithe Mogha’, a scrígh an t-iomlán.

Ní fheadraíomair, gan dabht, an raibh aon tábhacht nó aon bhrí fé leith ag baint leis an ainm áiféiseach so, Baothlach Mac Criomhthain, ach is é mo thuairim ná raibh ann ach seift liteartha chun an aisling mhagaidh seo a chur i mbéal duine anaitheanta. Pé ní é, má bhí gaol idir an bheirt seo ní dheineann Piaras aon iarracht an lúcháir atá air i dtaobh chinniúint an Phaoraigh a cheilt nuair a dhúisíonn sé óna thaibhreamh, mar dhea, ag deireadh an dán, agus is léir go dtugann sé ardsásamh do gur fíor na scéalta atá cloiste aige:

Nuair phreabas óm aisling ar maidin ’s me cloíte tréith  
’s do dhearcas an sagart ’s gur bhrathas go mb’ fhíor gach scéal;  
do ghreadas mo bhasa ar mhachnamh don scaoinse clé  
bheith treascártha damanta in Acheron sínte i bpéin.<sup>13</sup>

Ach, cé go bhfuil sé seo amhlaidh, agus cé gur aor bhinbeach, mhailíseach atá ann tríd síos, braithimid go bhfuil bogadh áirithe i gcroí Phiaraís sa véarsa deireanach anso nuair a chomhairlíonn sé don bPaorach aithreachas a dhéanamh [línte 173–6 sa téacs thíos]. Dob fhéidir a rá, dar ndóigh, ná raibh san impí seo aige ach mar a bheadh nósmaireacht i ndánta den tsaghais so agus is deimhnitheach, pé scéal é, go dteastódh níos mó ná véarsa amháin chun an nimh a bhaint as an scéal. Ní dócha, ach oiread, go raibh aon dóchas ag Piaras go gcasfadhl an Paorach thar n-ais chun a chreidimh dhúchais agus fiú amháin más fíor gur dhein an Paorach aithreachas sara blfuair sé bás, fé mar a bhí an scéal i seachas na ndaoine do réir déarthaimh, is ar éigin go raibh aon tionchar ag ‘aisling’ seo Phiaraís air ná aon dul air.

Tá an chuma ar an scéal, ar aon nós, nách i lámhscríbhinní na Gaeilge amháin a caomhnaíodh an dán agus na scéalta taobh thiar do ach gur mhair sé i mbéaloideas na ndaoine chomh maith agus is suimiúil an cuntas ar an ndán a scrígh Patrick Power i 1937 sa chomthéacs so:

On the authority of an Irish satire and of popular tradition, Rev. John Power (“Seaghan Caoch Paor”) an Augustinian, was Parish Priest of Tallow. Power was grandson of the still traditionally remembered Grace Osborne of Knockmaon. He appointed and read his recantation at Waterford in 1763. Popular tradition has it that Power repented before his death in 1786. Pierce Fitzgerald’s satire on Seaghan Caoch, who was

his first cousin, is well known; it has been published by Richard Foley in his edition of Fitzgerald’s Poems, p. 78. *The situation became comical when the satirist himself recanted, later.* In the poem Power’s grandmother, the redoubtable Grace, is stated to have presented a pistol at the head of the priest who came to attend her Catholic husband at death in 1701.<sup>14</sup>

Cé go bhfuil bunfhíricí an scéil i gceart ag Power anso ní dóigh liom gur féidir glacadh leis an abairt seo thusa go bhfuil cló iodálach curtha agam uirthi in aon chor. Is eol don saol go raibh ar Phiaraís féin iompú ina Phrotastúnach i dtreo is go bhféadfadh sé greim a chimeád ar a raibh aige de mhaoin an tsaoil ach is féidir linn talamh slán a dhéanamh de gur tharla sé seo i bhfad sarar iompaigh an tAthair Seán Paor ina mhiniú Protastúnach, fé mar a chímid.

Dob fhéidir a rá gurb é an dán ná an t-amhrán is cáiliúla ar fad dár scrígh Phiaraís ná ‘A chogair a charaid’, dán ina gcuireann sé síos go pearsanta ar an slí inar cuireadh iachall air féin iompú ina Phrotastúnach agus ‘gabháil chun teampail’ mar a deirtí. Is léir ón ndán corraitheach so gur ghoill an t-eachtra go mór ar Phiaraís agus is léir, chomh maith, go labhrann sé óna chroí amach tríd síos sa tslí is gur fuirst dúinn an imní, an sníomh croí is an t-éadóchas doimhin a d’fhulaing sé féin ag an am a bhraistint. Is le Tomás de Barra éigin ó Chluain Meala a labhrann Phiaraís anso toisc an Barrach a bheith ag casaoid leis ‘de dheascaibh é bheith ag dul chun teampail’:

A chogair, a charaid, ’s a Bharraigh is múinte méinn,  
Is doilbh liom ceangal le Calbhin is Liútar claoín,  
Acht golfhairt mo leanbh, ’s a gcreachadh gan triúch, gan tréad  
Thug sruthanna óm’ dhearcaibh ’na gcaisibh is túirlint déar.

Tá an donas le fada ar chlannaibh na n-úrscortha dtréan,  
Dá stolladh, dá stracadh, dá ngreadadh is dá mbrughadh go faon;  
Muna stopair-se, a Athair ghil, bearta na mbúr, is baol  
Gur follas go gcaithfidh gach seabhac bheith dubhach mar mé.  
Mo dhonas, mo dheacair, mo dhanaid, mo chumha, mo chréacht,  
Mo scoilteadh thrém’ scartaibh, mo pheannaid, mo phúir go haeibh,  
Nár thoil liom mo leanbh ’s a maireann bheith súighte i gcré,  
Seoch cogadh do tharraint ar m’ anam le dul í san tsaothal.<sup>15</sup>

Is léir ó véarsa deireanach an dán gur thuig Phiaraís go raibh mórán eile seachas é féin ag fulaingt mar a bhí sé féin agus ní fhágann sé aon amhras orainn mar gheall ar na bunchúiseanna a chuir é féin agus ‘na mílte’ eile ag triall ar an dteampall:

A chumainn, smaoin mar bhímse im cheap i dteannta,  
 'S go dtuigtheardhíbh, dar linn, gur fearr me mealta.  
 Scuit is cíos is íoc is greadadh clampair,  
 Chuir na mílte dhínne ag teacht chum teampaill.<sup>16</sup>

Is féidir linn a bheith siúrlalta, mar sin, ná raibh Piaras i ndáiríribh in aon tstí fén iompú so agus ná raibh ar siúl aige agus é ag gabháilt chun teampaill ach teaspántas poiblí. Agus, dar ndóigh, don té go mbeadh drochamhras aige fós ar cheannfháthanna Phiarais sa chúram so, tá go leor fianaise eile againn óna pheann féin a thugann le fios go raibh sé glan i gcoinnibh an Phrotastúnachais.<sup>17</sup> Is féidir a thuairimiú, chomh maith, gur go luath i ndiaidh na bliana 1753, tamaillín tar éis gur thit talamh na nGearaltach le hoidhreacht air, a ghaibh Piaras chun teampaill don gcéad uair ach, gan amhras, ní fheadraíomairanois cén fhaid a bhí air leanúint ar aghaidh leis an dteaspántas poiblí seo. Ní dócha, ach oiread, go mbeidh fhios againn go deo ar fhill Piaras riamh 'go hofigíúil' ar a chreideamh dúchais agus, cé gur fíor gur scrígh sé aithrí ina luann sé an t-eachtra so uair éigin roimis an mbliain 1757,<sup>18</sup> ní féidir a dhéanamh amach anois arbh amhlaidh go raibh sé tar éis filleadh ar an gcreideamh Caitliceach nó ná raibh. Tá an chuma ar an scéal, ach go háirithint, go raibh Piaras i ndáiríribh fénar scrígh sé anso:

Ba shaothrach mé ag bréagadh na spéirbhruinneal óg  
 Le sméideadh, le póig, le bladair is le páirt,  
 Is gach n-aon aca ghéilleadh dom' bhréagadh is dom' mhóid  
 Ba dhéarach 'na dheoidh sin is dob' ainnis é a gcáil;  
 'Na dhéidh sin mar shéanas an t-aon chreideamh cóir,  
 D'fhúig mé-si i ngéibheann, i bpéinbhroid 's i mbrón,  
 Ag réabadh mo chréachta 's ag spréachadh mo dheor  
 Chum Aon-Mhic na Glóire dom' chabhair óm' námhaid.<sup>19</sup>

Ach más fíor go raibh tuiscint ag Piaras ar chás dhaoine eile gur cuireadh iachall orthu gabháilt chun teampaill is léir ná raibh trua ná taise aige do shagairt a dhéanfadh a leithéid fé mar a léiríonn sé sa dán so *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* agus in dhá dhán eile a chum sé thart ar dheich mbliana níosa dhéanaí ar shagart eile, Diarmuid Ó hAirt, a d'iompaigh ina mhinstir Protastúnach timpeall na bliana 1774.<sup>20</sup> Ceann díobh seo is ea barántas a chuir Piaras i ndiaidh Dhiarmada Uí Airt, sagart a d'iompaigh ina mhinstir i gCorcaigh fé mar a léimid sa réamhrá próis a ghabhann leis:

mhóidigh duine dona diablaidhe droch-oinigh áirithe chum a bheith ina dheisceabal ag an árd-mhaighistir sin inár gcoinne .i. Lucifer, go mbeadh sé modhmhail miochair milis omósach do'n ochtmhadh

Hannraoi, do Rígh Liam an Chumhangais, d'Anna Bolaín 7 do mhórán eile de sna deamhanaibh, darb ainm 7 sloinne dhó Diarmuid Ó hAirt, do bhí tamall ina Shagart Paróiste thiar i gCairbreachaibh, tamall eile i gCarraig Tuathail fé thearmann Dhochtúir dhiaga déarcach disréideach Mac Cionnaith, Easpag Chluana, Chairbreach 7 Ruis.<sup>21</sup>

Dar le Piaras, ní raibh i ndán do Dhiarmuid, mara ndéanfad sé aithrí, ach tinte agus pianta síoraí ifrinn:

Mo thruagh thu feasta, mura nglacfair mo chomhairle i dtráth,  
 'S mo thruagh mhór t'anam bheith damanta i mbrón gan tábhacht  
 Id' chuaill bhocht caithe fé leacaibh ag dreóghadh go táir  
 'S na sluaigthe deamhan dod' stracadh 's dod dhóghadh de ghnáth.<sup>22</sup>

Chomh maith leis an mbarántas so, scrígh Piaras dán eile 'Chum Diarmuid Uí Airt' ina labhrann sé go díreach le hÓ hAirt á mheabhrú dho arís a bhfuil i ndán do tar éis a bháis:

Cad do dhéanfair, a bhrúdaigh, 'nuair dhúnfar do dhearca,  
 'Nuair shínfear 'san uaimh thu go fuar lag gan tapa,  
 Gan rósta, gan fionta, gan fiodhach is gan ghradam,  
 'Ná cáirde do ghuidhfeadh chum Íosa led' anam.  
 'Nuair ghlaodhfar ar sliabh sinn go dian-mhoch ar maidin,  
 Roinn fear annsúd linn go súghach nó le harad;  
 Osclóghaídh na huamhna agus eireóghaídh na mairbh,  
 Is ní díon duit do ghúna 'ná Liútar mar charaid.<sup>23</sup>

I bhfianaise na ndánta so, mar sin, d'fhéadfaí a thuairimiú gurbh é dearcadh Phiarais agus é i mbun pinn ná gur sheacht measa cás an tsagairt a shéanfadhbh na hoird bheannaithe ná a chás féin agus cás na mílte eile a d'iompaigh a gcótaí toisc gur cuireadh d'fhiachaibh orthu é sin a dhéanamh agus, mar sin, ba dheacair firmitéach a chur ina leith i dtaobh an chúram. Dar liom féin, gurb é seo fé ndeara na dánta so a bheith chomh fiochmhar is chomh neamhchrócaireach is atáid, go háirithe *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain*.


Ach, dar ndóigh, más aor neamhchrócaireach, fhíochmhar í an 'aisling' seo tá an greann go láidir ann ó thosach deireadh, leis. Tá sé suimiúil, sa chomhthlácais so, gur chuir Piaras ceannscríbhinn agus iarscríbhinn i mBéarla leis an ndán fé mar a bheadh 'fráma' á sholáthar don iomlán aige agus cuma an bharántais mhagaídhe air, dá réir sin. Tá an iarscríbhinn seo i mBéarla síniúil, mar dhea, ag triúr: 'Feargas Ó Fionnuala', 'Maolruanadh Ó Mulchaha' agus 'Seanachán Ó Sionnaigh' a n-ainmneacha bréige.

Tugann an triúr so cuireadh do dhaoine scéitheachtant ar an ‘infamous, malicious and vile poet’ a chum an ‘notorious libel’ seo agus tugtar le tuiscint, chomh maith, go dtabharfar cúig chéad giní d’einne atá sásta an file a aimníú ag an gcéad chruinniú eile den ‘Irish Poetical Club’, cruinniú a tionólfar ar an aonú la déag ar fhichid de mhí Feabhra, mar dhea, i mBaile Mhuirne nó ag Caiseal Mumhan.

Deinim amach go bhfuil tábhacht ag baint leis an gceannscríbhinn agus leis an iarscríbhinn Bhéarla so agus, cé ná fuilid le fáilt sna cóipeanna eile atá ar marthain againn inniu, níl aon dabht, dar liom, ná gur cuid bhunúsach den ndán iad agus gur mar sin a bhí beartaithe ag Piaras nuair a chum sé an dán an chéad lá. Ar an láimh eile, dá spéisiúla iad na nótáí eile atá breactha ag Piaras ar imill na leathanach, déarfainn gur níosa dhéanaí, mar athsmaoineamh nó mar agusín, is ea a scrígh sé isteach iad agus sin é an chuma atá ar a bhformhór, dar liom. É sin ráite, is deimhnitheach go bhfuil tábhacht ag baint leo sa mhéid is go dtugaid éachtaint dúinn ar mheon aigne Phiarais ag an am agus, ar aon nós, mara mbeadh ann ach go bhfuilid scríte ina láimh féin, ba leor san le go gcuirfí san áireamh iad in aon eagrán dá chuid filíochta a cuirfear i gcló amach anso i mo thuairim, más fonótaí féin iad.

Ar aon nós, is dóigh liom gur léir ón bplé seo agam thuas agus, dar ndóigh, ó théacs an dán féin i mo dhiadh anso, go bhfuil *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* ar cheann des na seoda is luachmhaire dá bhfuil tagaithe anuas chughainn ó pheann Phiarais. Níl aon amhras ná gur dréacht neamhghnáthach go maith é an dán so; dán go bhfuil préamhacha leis ag síneadh siar thar n-ais chomh fada le heachtra a bhain do shinsir an fhile ar thaobh a mháthar ag fiorthosach na hochtú haoise déag agus dán a chaitheann solas ar ghnéithe ana-shuimiúla de chúrsaí creidimh in Éirinn san ochtú haois déag. Ní hamháin go dtugann an dán beagánín eolais dúinn ar stair shinsir an Ghearaigh ach tugann sé léargas dúinn, chomh maith, ar thuiscint an fhile ar chúrsaí staire agus ar chúrsaí creidimh ag dul siar go dtí aimsir an Reifirméisin agus, go deimhin, go dtí stair na luantheaglaise chomh maith. Ní haon iontas é, dar liom, go raibh tóir ar an ndán, mar a léiríonn líon na gcóipeanna atá ar marthain againn inniu, agus is fuirist a shamhlú go dtaitneodh a bhfuil ann de ghearr, de stair, de chreideamh agus de pholaitíocht le Gaeil na hochtú is na naoú haoise déag.<sup>24</sup>

Táthar ag súil, más ea, go mbainfidh léitheoirí AN LINN BHUÍ an tait-neamh céanna as an ndán so agus, chuige sin, tá téacs an dán mar atá sé le fáilt i lámhscribhinn Phiarais i gcló anso thíos. Tá litriú an lae inniu curtha agam ar an dtéacs ar shlí ná cuireann Gaelainn an údair as a riocht



Cuid den aor i láimh Phiarais féin.

agus deimí amach go dtuigfidh gnáthléitheoirí a bhfuil ann gan móran duaidh; ní dóigh liom, ach oiread, go mbraitheoir go bhfuil éinní dá bhfuil ann, ó thaobh foirmeacha canúna ná ó thaobh foirmeacha stairiúla dho, ina cheap tuisle ag léitheoirí. Sholáthraíos roinnt fonótaí mínithe tríd síos mar áis don léitheoir nuair a bhraitheas go raibh gá leothu agus tá nótaí imill Phiarais féin curtha isteach sa tslí chéanna. Níor bhacas le malairtí léamha ó lámhscríbhinní eile a thabhairt anso cé go bhfuil fo-thagairt déanta agam do lámhscríbhinní eile anso agus ansúd. Bhí sé mar phríomhaidhm agam a bheith dílis don dtéacs a d'fhág Piaras féin ina dhiaidh agus tá súil agam gur eirigh liom an sprioc áirithe sin a bhualadh.

Ina theannta so ar fad, is dócha go bhfuil sé chomh maith agam a lua, mar fhocal scoir, gur cuí go bhfuil Piaras Mac Gearailt á chomóradh mar fhile sa tslí seo in *Iris Ghaeltacht na nDéise* trí chéad bliain tar éis do teacht ar an saol sa bhliain 1709. Tá súil agam, chomh maith, go mbeidh ar mo chumas a shaothar fileata ar fad a chur i láthair phobal na Gaelainne arís sara fada ach, idir an dá linn, b'fhéidir go mbeifear sásta leis an aon dán suaithinseach amháin seo óna pheann.

### Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain

*The following bitter, severe satyr was wrote for John Power, commonly called Sullivan, who was an Augustinian, and Pastor of the parishes of Tallow in the County of Waterford, in derision for his renouncing the Apostolick Faith and becoming a Parson of the reformed church. Aisling do rinn Baothlach Mac Criomhthain Mhic Fheidhlim Uí Sheachnasa do Sheán Dall Ó Súilleabháin .i. Seán Mac Phiarais Paor Bhaile Uí Chadhair i nDéiseach, bráthair baoth bréan d'Ord St. Augustine, do thréig 7 do tharcaisnigh an tOrd rialta rathfar beannaithe ina raibh sé, 7 tá anois 'na mhinióstair fá ghúna dhubb 's gurb faide saol an ghúna ná saol an mhinióstair.*

Do theangamhaigh tráth me lán-lag traochta,<sup>25</sup>  
i motharaibh gleanna i bhfearanas Déiseach,  
is me go buartha, uaigneach, léanmhar,  
chum suain is codlata bhrostaigh mo néalta.

Dar liom gur thaistil im aicill an laoch san,<sup>26</sup>  
an Bráthar Seán 'na stráill gan aon rosc,  
chomh dall le púca gan fiú an léine  
bhán mar chleachtadh ag teagasc a thréada.

Do bhí sceon 'na ghnúis, bhí cnú in' éadan,  
ba déarach atuirseach, easmailteach, craosach  
d'fhéach an raille 's a theanga as a chraoschlab,

12

16

20

24

28

32

36

40

44

48

mar do bheadh tarbh ag alpadh 's ag géimnígh.

Do cheapas im aigne preabadh go héasca  
is druidim 'na dháil go dána taobh ris;  
dubhart go bhfeaca a shamhailt le tréimhse  
i bhfigiúir sagairt ag teagasc a thréada.

Nuair chrom sé ar fhreagra thabhairt dom bréithre,  
d'éisigh stoirm lér crothadh na daorchnoic,  
do dubhadh le annamh-bhrat scamallach Phoebus,<sup>27</sup>  
's na táinte 'screadaigh le anaithe is baoghal.

Do bhrúcht an farraige fhrasamhail fhraochta,  
tonnaibh ag siosma go cuisneamhail craosach,  
alltán na farraige ag preabadh 's ag pléascadh,<sup>28</sup>  
amhais is deamhain is céad dream nach léir dhom.

Do scinn as cúil nó cúinne sméirle,  
scriosaire ciarbhuí is iarnaí géara  
ina dhá chroibh 's a chrot ba déistneach,<sup>29</sup>  
is colg nimhneach nimhe ar an bpéist dhubh.

Agus dubhairt le Seán, 'A ghrá mo chléibhse,  
is tu bhí uaim 's badh suairc mo scéal duit:  
is fada me ag áitreamh stát is réim' duit,<sup>30</sup>  
i bhfochair na ríthe 's na mbruinnealaibh craoschoirp.

Mo chabhair do-ghéabhair ar m'anam go héasca  
chum bheith i bhfochair gach posta aco is tréine  
do rí na ríghbhean dhingeadh<sup>31</sup> éirleach  
's bhaineadh go damanta a gceannaibh don chléir chirt.

Ní ar feadh tamall ná sealad gan éifeacht,  
ach ar feadh an tsíoraíocht<sup>32</sup> i mbriathraigheacht béisithe,  
fé mar chleachtas go heasmailteach, craosach,  
in aghaidh dhlí Pheadair lér scarais go héadrom.

Pé faid do bheidh flaitheas i sealbh Mhic Dé ghil,  
ná an ghlóire mhilis gan time ag naomhaibh,  
ná diabhal in Ifreann ag fiucadh 's ag séideadh,  
beir ann treascartha damanta i bpéinbhruid.

Beidh do cheann 's do dhranndal créimthe  
ag piastaí dubha ag brú id bhéalsa;  
beidh do theanga dá shracadh 's dá réabadh  
ag madraí fiaigh an diabhal 's ag faolchoin.

Ininead an phoít id scornaigh chraosaigh,  
 imirt is ól is pógadh béisithe,  
 beidh míle diabhal go pianmhar saothrach,  
 od thachtadh le peannaid ó scarais led chéile.  
 52

Máthair Íosa Críost do céasadh,  
 nar mhinic do chuiris-se cuisne dhá naomhfhuil<sup>33</sup>  
 ag sileadh go dubhach led chionta, a Mhéirligh,  
 56 'sna flathais fá scamallaibh atuirse is géirchhead.  
 Ar nós an mhadra d'alpadh go saothrach  
 an t-aiseag do níodh gan moill<sup>34</sup> go féastach;  
 is mar sin tú, a thrú, ag réabadh<sup>35</sup>  
 60 's ag damaint t'anama ar aiteas 'bheadh saolta.  
 Níor cheanglais páirt le Máire naofa  
 's an t-aingeal do ghrádh thu is nár mar shéanais;  
 do scarais go brách le cail na naomh glan  
 64 's an tAifreann sámh mo chás mar réabais.  
 Do leanaise lorg na mborbaibh céasta  
 'tá thíos romhat fá bhrón is daorchneadh,  
 an t-ochtú Hanráí 's a bhanríon taobh ris,<sup>36</sup>  
 68 Anna damanta an bastard Bolena.<sup>37</sup>  
 'S a hiníon scólta dóite i ndaorchneadh,  
 Eilís,<sup>38</sup> threascaradh eaglais naofa,  
 easpaig is sagairt is barrfionnaibh maorga<sup>39</sup>  
 72 do bhíodh ag cantain na psalm go séanmhar.  
 Do chífir Cromwell 'na stollaire céasta ann  
 gan trua do threascaradh seascad do chéadaibh;  
 dho naionán leanbh ná an seanduine aosta,  
 76 níor chorraigh a chroí chum saoirse 'dhéanamh.  
 Uilliam<sup>40</sup> an prútach brúite in éagruith  
 is mar mhnaoi acartha<sup>41</sup> aige Jean Seymour,<sup>42</sup>  
 Éadbhard<sup>43</sup> coiripe imeartha<sup>44</sup> traochta  
 80 is mise dhá dteagasc gan lagadh ar mo bhéalsá.  
 Do bhrí go rabhasa im Easpag ag déanamh<sup>45</sup>  
 póstaí sultmhar' go deimhin mar ghéilleadh  
 do Hanráí damanta, mallaithe an sméirle,  
 84 nar mhinic do scaras 's do cheanglas bé leis.

88 Do scaras leis ríoghain mhíonla, mhaorga,<sup>46</sup>  
 bheannaithe, mhnáúil, lán do dhaonnacht,  
 d'éis fiche bliain go rialta réimchirt  
 do bheith aige i ngradam go geannmhnach, séanmhar.  
 Caitiríona díon na Cléire  
 ó Arragan suairc, an tuaith ghlan aolta,  
 iníon álainn, ámharach, naofa,  
 do rí na Spáinne dob ársa an éifeacht.  
 92 Is fíor gan ghlagar mo theastas gan bhréag dhuit,  
 do gheobhadh<sup>47</sup> dearbhtha i Sacsan mo scéalta;  
 Tomás Cranmer dob ainm san saol dom:  
 dar ndóigh is aithnid mo theastas do chéadta.  
 Do bhíos tamall im bráthair chráifeach, dhéarcach,  
 mar bhíse, a dhallacáin, gearradh cnáma 's créim ort,  
 gur chorraigh an diabhal go dian im chéadfa,  
 ag séanadh an Aifrinn, taitneamh Mhic Dé ghil.  
 96 Tá láncuid bráithre ar láimh it éagmáis,  
 's na mílte eiriceach teilgthe i ndaorbhroid  
 i dtaoibh creideamh na nApstal le easmailt do shéanadh,  
 i dtinte teo fá bhrón dá gcéasadh.  
 100 Pelagius<sup>48</sup> tá 'gus Árius claoann,  
 Macedonius is Nestorius traochta,  
 Simon Mágus tnáite ó shéideadh,  
 fé choiribh fiuchta 'na bhfuilid na céadta.  
 104 Marcion tá is Novátus<sup>49</sup> daor ann,  
 Vigilantius,<sup>50</sup> Fox is Morton<sup>51</sup> créimthe,  
 Calvin, Luther is Bucer bréagach,  
 Barrett, Horn<sup>51</sup> is lán nach léir dom.  
 108 Tá ann bainneanach buileamhail, fraochda,  
 fiochmhar, feargach, mallaithe, céasta,  
 cása piostal aicise 'na caolchroibh  
 ag tabhairt na mionn go dteannfaidh piléar leo.<sup>52</sup>  
 112 Ba seanmháthair tráth gan bhréag duit,  
 an diabhal bé buile seo 'ghriogadh ár gcléir chirt;  
 Grás Ósbar<sup>53</sup> a hainm mun dearmad dhéinim,  
 i gCnoc an Leathair<sup>54</sup> do mhaireadh i nDéiseach.<sup>55</sup>  
 116  
 120

Beidh taobh leat Walsingham<sup>56</sup> 'ghreadadh le daorchnead  
Eaglais Íosa is a ríoghain naofa,  
's de dheascaibh a mheang<sup>57</sup> an ceann gur réabadh  
do bhanríon bheannaithe Alban aerach.

Ar dtrial chum baile go Acheron daor dhuit,  
beir Pilib Ó Riain<sup>58</sup> go tréan ar ghéag leat,  
mar thú chuir brón ar órdaibh naofa,  
ag séanadh taitneamh is teagasc na cléire.

Mac Thaidhg na Coille<sup>59</sup> mar chuideachta séid<sup>60</sup> leat,  
más gá leat<sup>61</sup> bata maith b'annamh thu in' éagmas;  
roinn leo go haibidh é 's geallaim gan bhréag dhuit,  
nuair 'gheobhadha thar geata iad go leanfadsa an pléascadh.

Beidh sibhse i bpianta diana daora,  
go damanta úr loscadh gan sosadh gan saoradh;  
pé faid do bheidh diabhail ag pianú a chéile  
i dtaoibh úr masladh don eaglais naofa.

Mun gcailfí ach tusa ba chuma créad é sin,<sup>62</sup>  
ach do shampla is eagal go leanfaidh go héasca  
tuilleadh dhod shórt, a chóbaigh chaoch, bhoicht,  
dul ar fiuchadh go hIfreann céasta.

Do scinnis ó Israel chaithiseach naofa,  
go guitéar nimhe na Phillistines mbréan dubh,  
do thug tú scannail is masla 's géarghoin  
don ord bheannaithe 'ghlacais, a Mhéirligh.

Do rinnis neamhní do Chríost lér saoradh  
clann Adam uile ó thurraing an daorbhrath;  
cé ghlacas do pháirt lá an bhráth nó déarfaidh  
focal id cháil? Uch, gráin mo chléibh ort.' *Crioch:*

*Ceangal mar leanas*

Nuaир phreabas óm aisling ar maidin 's me cloíte tréith  
's do dhearcas an sagart 's gur bhrathas go mb' fhíor gach scéal;  
do ghreadas mo bhasa ar mhachnamh don scaoinse clé  
bheith treascartha damanta in Acheron sínte i bpéin.

Péinbhroid is léirsrios is sceimhle ar Sheághan,  
chuir cléir mhilis naofa ag caoi 'na dheadhaig,  
níor bh fhéidir leis staonadh ón bhfíon 's ó mhnáibh,  
mar ghéilleadh dhá chraoschorp lér cloíodh a cháil.

Do cháil is danaid liom treascartha, a Phaoraigh úir,  
's mo lánchnead t'anamsa damanta i bpéinbhroid dubhach;  
ar fán beir feasta 's do bheartaibh dod dhaoradh a thrú,  
an lá bheidh teastas do bheatha dá léaghadh id ghnúis.

Do ghnúis is doilbh liom torchartha i bpianta teo,  
gan tnúth le fortacht ach stolta ag diabhail go deo,  
chuir drúis is slogan na ndeochnanna an fiach so id dheoidh,  
go dubhach id stollaire dhona fá iarsma bróin.

Brón is tinneas id ghoile le géarchnead dian  
is tóir ó Ifreann curfidh do chréacht i bpian,  
tug nuacht<sup>63</sup> is siosma don chruinne 's ar chléir chuir ciach,  
le gleo 'gus buile 'gus sileadh na ndéar go fial.

Is fial 's is aibidh bheidh Cerberus<sup>64</sup> romhat gan madhail,<sup>65</sup>  
go dian dod shracadh 's dod ghearradh le fórsa 's feidhm;  
's na diabhail nuair rachair tar gheata beidh sóch le meidhir,  
's na pianta is damanta eatartha gheobhair go deimhin.

Ós deimhin gur scarais le taitneamh is ansacht Chríost,  
led deighilt ó gheanmnacht thaitneamhaigh Augustine,<sup>66</sup>  
feidhil,<sup>67</sup> a pheacaigh, ód dhamaint is meabhraigh caoin,  
soidhile is sealbh na bhflaitheas is greann na naoimh.

*Sic Transit Gloria Mundi, Soli Deo Gloria.*

Tá an scribhneoir dá iarraidh mar achainí ar gach n-aon do léifeas saothar so an bhráthair iarraidh ar an dTrionóid roinnt don ghlóire shíoraí thabhairt dá sheirbhiseach dileas go héag, Piaras Mac Gearailt, Ard Sirriam Leithe Mogha. Any person that will discover the infamous malicious and vile poet that has been the author of ye above notorius libel being contrary to law & in opposition and derision to our social and glorious reformation shall be paid by the member of the Irish Poetical Club at their next Sessions and social meeting at Baile Uí Bhuirnidh or on the Rock of Cashel on the thirty first day of February next old style, the sum of five hundred guineas. / Signed by order of Feargasa Ó Fionnuala, Maolruanadh Ó Mulchaha, Seanachán Ó Sionnaigh.

**Véarsaí Breise in Eagrán Uí Fhoughludha**

Tá ceithre véarsa breise (feartlaoi) in eagrán Uí Fhoughludha mar a mhíníonn sé féin: 'I have this poem also from the recitation of my father: says he learned it from his uncle, who recited it twice for him. Only this spoken version gives the feartlaoi of four stanzas' (Amhráin Phiaraís Mhic

*Gearailt*, 112.) Sid iad na véarsáí ón leagan béal seo díreach fé mar atáid leagtha amach ar leathanach 85 d'eagrán Uí Fhoghludha.

### Feart-laoi

Níor Phaorach thu acht sméirle de bhodach gan sult  
Ghaibh taobh le sna hÉireannaigh is d'fhág iad annsoin.  
Nuair bheidh Léasarus go haerach ag déanamh suilt,  
Beir ad' thréigean gan faoiseamh i nIfrionn dubh.

Níor shagart thu acht spreallaire d'iompuigh brat,  
Thug an tAifreann ar radaireacht is ar phógadh ban;  
Nuair bheidh eagluis go meanmnach ag Dia mór geal,  
Beidh t'anamsa go hacarach ar theintibh cheap.

Ní caoch a bhí an Paorach, cé gur bh'fhada é gan súil,  
Gur thréig sé éide 7 beatha an Úird,  
Gur ghéill sé do mhéirligh, lucht meisce is púit,  
Is beidh a chraoschorp á ghléasadh 'bhfochair Chailbhín 's a bhrúid.

Is fuiris aithne nách don mbeannuightheacht gheineadh an bhean,  
Mar gurbh í an mhalluightheacht fé ndeara dhi an t-ubhall do bhlas,  
Cá'r mheasa soin 'ná sagart a chaitheadh gúna 7 brat,  
Is do stracfadh mar gach Sasanach Dia hAoine an mart?

Tá an aiste seo bunaithe ar pháipéar dar teideal 'Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain' a léas ag Comhdháil Chumann Éire san Ochtú hAois Déag i gColáiste na hOllscoile Chorcaí ar an gceathrú lá dhéag de mhí an Mheithimh 2008. Mar le cur síos ginearálta ar chúbra Phiarais agus ar a shaothar fileata féach Breandán Ó Crónín, 'Filíocht Sheacaibíteach Phiarais Mhic Gearailt', *Eighteenth Century Ireland/Iris an dá Chultúr* 22 (2007) 164–88. Ba mhaith liom baochas a ghabháil le *Penelope Woods, Leabharlann an Ruiséalaigh, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, as cead a thabhairt dom grianghraf den lámhscribhinn a chur i gcló anso*. Táim ana-bhaoch do Phádraig Ó Macháin as dréacht den alt so a léamh agus as móran moltaí chun feabhas a dhéanamh go háirithe mar le téacs an dán atá i gcló anso. Orm fén amháin, gan dabht, atá locht aon dearúid atá fós ann.

### Nótáí

- Risteard Ó Foghludha (eag.), *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* (Baile Átha Cliath 1905) 78–85. Tá LS Phiarais ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, LS M 58, lgh 4–13; féach Pádraig Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad, Fascíl III* (Maigh Nuad 1966) 22–8; agus Ó Foghludha, *Amhráin*, 10–11, ar conas mar a tharla sé gur scríbh Piaras an LS shuaithinseach so.
- Anna Heusaff, *Filí agus Cléir san Ochtú hAois Déag* (Baile Átha Cliath 1992) 150; féach san áit chéanna an cur síos atá aici ar aortha a cumadh ar shagairt a d'iompaigh ina ministrí, lgh 41–2, 89–90 agus 150–56. Tá an dán atá fē chaibideal agam anso luaite aici ar lch 154.
- Eileen O' Byrne, *The Convert Rolls* (Baile Átha Cliath 1981) 300.
- Seo an méid atá le rá ag Piaras anso: 'he was blind of one eye and the wicked poet thinks that he was all blind when he perver[t]ed'. Tá mo bhaochas ar an Dr Pádraig de Brún as focal deireanach an nota so a dhíchódú dhom.
- Féach, mar shampla,

an cur síos ar shaol Chrammer in *The New Catholic Encyclopedia* I–XV (Detroit 2003) IV, 333–4. 6. Féach líne 77 den dtéacs agus an nota leis. 7. Tá notaí beathaisnéise ar fhormhór na luartheiriceach so le fáilt in *New Catholic Encyclopedia*, an té gur suim leis iad. 8. Féach an cur síos ar Foxe in *New Catholic Encyclopedia* V, 838–9; ní fheadar ná gurb é John Morton a bhí ina Ardeaspag Canterbury sa 15ú haois déag atá i gceist ag Piaras le 'Morton' anso ach, más ea, nílím siúrláta cén chúis a bhí ag Piaras air. D'fhéadfadh sé go mbaineann 'Barrett' agus 'Horn' leis an dtréimhse chéanna ach chuaigh diom a n-ainmmeacha a aimsiú in aon áit. Dob fhéidir a thuairimíú, ar an láimh eile, gur bheirt des na 'nua-uaisle' a bhí suas in Éirinn le linn Phiarais a bhí iontu. 9. O'Byrne, *Convert Rolls*, 300. 10. Maigh Nuad, LS. M 58, lch 10. 11. ARÉ, 23 L 9 (551), lch 236; féach leis an gcontas ag Uilliam Ambrose ar an eachtra in MN M10, lch 22 agus é ag scríobh i gCorcaigh sa bhliain 1817. 12. Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, 19. 13. Féach línte 149–152 i dtéacs an dán thios. 14. Patrick Power, *Waterford and Lismore: A Compendious History of the United Dioceses* (Baile Átha Cliath 1937) 258. 15. Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, 46. 16. Ibid., 48. 17. Féach Ó Crónín, 'Filíocht Sheacaibíteach', 168–72, mar leis na dánta so. 18. Go bhfios dom, is í an LS is luaite ina bhfuil cóip den ndán so ar marthain ná ARÉ, A.iv. 2, lch 108(a) a scríbh Seán de Niadh i gCorcaigh idir na blianta 1751–1757, do réir deárhaimh, rud a chiallaíonn gur roimis an mblia 1757 a ghaibh Piaras chun teamaill don gcéad uair; féach leis an méid atá ráite agam i dtaobh iompu Phiarais: Ó Crónín, 'Filíocht Sheacaibíteach Phiarais Mhic Gearailt', 167–8. 19. Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, 43. 20. Féach O'Byrne, *Convert Rolls*, 300 mar a luaitear an Rev. Jeremiah Hart mar shagart a d'iompaigh ina Phrotastúnach an 6 Samhain 1775. Dar leis an ndán so, áfach, gur bhliain roimis seo is ea a d'iompaigh sé. 21. Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, 72. 22. Ibid., 77. 23. Ibid., 48–9. 24. Is dóigh liom gur lón réasúnta mór é 20 cóip den ndán a bheith ar marthain againn inniu agus, cé ná fuair dánta Phiarais leathantas sna LS, is léir go raibh tóir ar an gceann so ar fuidh Chúige Mumhan ach go háirithint. Tá cóip amháin atá níos sine ná cóip Phiarais: sin é an chóip a bhreac Risteard Ó Muirríán i bPort Láirge sa bhliain 1765: ARÉ 23 L 38, 13–17. Tugann sé seo le fios gur scríbh Piaras an dán go luath i ndiaidh iompu an Phaoraigh agus is dócha gur scaipeadh é i measc lucht léinn go tapaidh. 25. Is í an mheadaracht atá anso tríd síos ó ll. 1–148 ná *caoineadh*: / x x é - /; *amhrán* atá ann ina dhiaidh san agus an patrún ag athrú ó véarsa go véarsa mar seo a leanas: 149–152: / - a - - a - - a - - a - - í - é /; 153–6: /\* é - - é - - í - (-) á /; 157–60: / - á - a - - a - - é - ú /; 161–4: / - ú - o - - o - - é - ia /; 165–8: /\* ó - i - - i - - é - ia /; 169 - 172: / - ia - a - - a - - ú - ai /; 173–6: /\* ai - a - - a - - a - - í /. Tabhair fé ndeara go bhfuil *conchlann* idir na véarsáí seo ar fad chomh maith. 26. Féach n. 24. 27. 'do dúbhaidh le hanbheart scamallach, Phoébus' atá ag Ó Foghludha (*Amhráin*, 79) ach glacaim lena bhfuil ag Piaras fén anso. D'fhéadfai é a thuisint mar seo a leanas: 'The sun (Phoebus) was darkened by an unusual / seldom seen blanket of cloud'. Tá an foghar /e:/ sa chéad siolla den ainm Phoebus. 28. Ainmhnithe allta na mara, míolta móra, is dócha, atá i gceist. 'Alltán na mara' a bhí ag an bhFoghludhach (*Amhráin*, 79) ach is léir gurb í an uimhir iolra atá i gceist anso. 29. *déistneach*: dhá shiolla ag teastáil anso ar son na meadarachta ach trí cinn a bheadh ann dá nglacfaí leis an bhfoirm 'déisdineach' i LS Phiarais. 30. 'ag áitriú' atá mar ainm briathartha ag an mbriathar 'áitrich' i FGB, ach 'áitreath' atá sna LS. D'aistreoinn é seo mar seo a leanas: 'occupying estates and authority for you.' 31. dhínngeach LS. 32. Dob fhurist Ó Foghludha (*Amhráin*, 79) a leanúint anso agus an téacs a leasú go 'ar feadh na síoraíocht', ach leanaim cleite Phiarais fén anso; féach leis in *inead an phoí* ag Piaras ar líne 49. 33. Cé gur 'cuisle' atá sna LS eile ar fad 'cuisine' atá scrite go soiléir ag Piaras ina LS fén agus glacann Ó Foghludha leis an léamh san chomh maith, 'cuisine d'á naomh-shúil' (*Amhráin*, 80), ach níl 'naomh-shúil' ag teacht le

fianaise na lss in aon chor: naomh(fh)uil' atá iontu ar fad. Ní foláir glacadh leis an léamh so thusas mar sin agus é a thuiscint mar 'an icicle of whose holy blood you often caused to flow sorrowfully because of your sins ...'. 34. 'gan madhail' /mail/ atá scríte ag Piaras anso, rud a bheadh le teacht le canúint oirtheor Chorcaí agus na nDéise. Toisc go bhfuil an foghar /i:/ ag teastáil anso chun aicill a dhéanamh le 'níodh' cloím leis an ghnáthlitríu. Cf. n. 65 thios. 35. Nóta ag Piaras: *Naturam expelles forca licet usque tecum.* ['Séanann tú an nádúir cé go dtugtar rogha dhuitse, fiú.' Táim baoch don Dr John Hayes as na notaí Laidine sa LS a aistriú dhom.] 36. Nóta ag Piaras: *Harry ye 8<sup>th</sup>.* 37. Nóta ag Piaras: *Ann Bolen.* Tá an foghar /e:/ ag teastáil anso ar son na meadarachta. 38. Nóta ag Piaras: *Queen Eliz.* 39. Nóta ag Piaras: *Nuns put to death by her.* 40. Nóta ag Piaras: *The Glorious King William who banished padreens and wooden shoes thank God.* 41. 'Eacartha' (cf. acrach FGB) LS. 42. Seymour le rá leis an bhfuaim /e:/ ar son na meadarachta. 43. Nóta ag Piaras: *King Edward.* 44. 'iomartha' atá sa LS ag Piaras agus leanaim Ó Foghludha (*Amhrán*, 81) leis an leasú atá déanta anso. 'Played out' nó 'spent', is dócha, atá i gceist. Éadbhard VI, mac le Hanraí agus Jane Seymour, atá i gceist. 45. Nóta ag Piaras: *Thomas Cranmer, Archbishop of Canterbury.* 46. Nóta ag Piaras: *Cramer divorced Queen Catherine of Arragan from rampant Harry.* 47. Is é 'do gheobhfá' atá ag an bhFoghludhach (*Amhrán*, 81), ach is cóngaraí 'do gheobhadh' do léamh na LS (do geobhtheadh). Dob fhéidir an líne seo a thuiscint mar seo: 'my stories would find proofs/verifications in England'. 48. Pelagius etc.: Gheofar tuairisc ar fhormhór na bpearsan atá luaité sa dá véarsa seo sa *New Catholic Encyclopedia*. 49. Glacaim leis gurb é 'Novation' (*New Catholic Encyclopedia* X, 464–5) atá i gceist anso. 50. Viligilantius: féach F. L. Cross agus E. A. Livingstone (eag.), *The Oxford Dictionary of the Christian Church* (Oxford 1983) 1440–41. 51. Féach nóta 8 thusas. 52. Nóta ag Piaras: *Note, This female was Grace Osborn. She at the time of her husband Pierce Power being on his deathbed cock'd a pistol at the Popish priest that attempted going to him at his earnest request. She chose that he should die like a beast, and I think she was right, rather than as a Papist.* 53. Grás Ósbar, seanmháthair Phiarais. 54. 'Cnoc an Leathara' an leagan oifigiúil (Power, *Placenames*, 147), ach tá fianaise i dtaifid chartlainne an Bhrainse Logainmneacha (cf. [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) a ceadaíodh an 1 Meitheamh 2009) gurbh ann don leagan so in aimsir Phiarais. 55. Nóta ag Piaras anso: *Mala arbor, malas fructus feret.* ['Drochthorthai a fhásann ar dhroch-chrann.']. 56. Ard-spiaire Eilís I. Nóta ag Piaras: *a great persecutor of popish priests & chief justice in [the] case of Queen Mary of Scots being beheaded. I like (t)his notion.* 57. Féach n. 32 thusas. Is cosúil go raibh sé de nós ag Piaras gan ainmfhocail a chur sa tuiseal ginideach i ndiaidh réamhfhocal comhshuite. 58. Nóta ag Piaras: *Philip Ryan, another Augustinian who became a pure child of the reformation.* 59. Nóta ag Piaras: *William Conners, another of ye same order who did the same, a sweet child.* 60. Is dócha gurb é an tuiseal ginideach uatha den bhfocal 'séad' atá anso, agus gur féidir an frása a thuiscint mar 'as most excellent (valuable) company'. Nó, dá nglacfaí leis an gcíall eile atá ag an bhfocal céanna anso, 'path, way; course, journey', d'fhéadfáí é a thuiscint mar 'company for the road'. 61. LS 'más gabhadh leat'. 62. Nóta ag Piaras: *Non vis miser perire solus sed ut alii tecum pereant vehementer interis.* ['Ní theastaíonn uait éagadh i d'aonar go hainniseach agus deimeann tú deimhin de go n-éagann daoine eile i do theannta.']. 63. /no:xt/. 64. Is dócha go bhfuil an fhuaim /a/ le rá i gcéadshioilla *Cerberus*. 65. 'moill' atá i gceist gan dabht ach cloím lenar scríbh Piaras toisc go bhfuil an défhoghar /ai/ ag teastáil sa chás seo: cf. n. 34. 66. An foghar /i:/ ag teastáil ag deireadh na líne. 67. 'fill' atá i gceist, agus an défhoghar /ai/ ag teastáil ar son na meadarachta, mar atá arist in 'soidhilse' sa chéad líne eile.